

Polasaí ar Ionduchtú múinteoirí Coláiste Naomh Feichín

Ráiteas Misin / Mission Statement

I gColáiste Naomh Feichín déantar gach dícheall timpeallacht shlán shábháilte a chruthú ina ndéantar oideachas a sholáthar ag díriú ar fhorbairt acadúil, sóisialta agus cultúrtha na scoláirí. Tabharfar aitheantas do thréithiúlacht ar leith na scoláirí agus déanfar iad a oiliúint le bheith ina saoránaigh measúla, réasúnachta, fiúntacha.

Baineann an polasaí le:

Múinteoirí nua, foireann teagaisc, príomhoide, scoláirí, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile agus Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin.

Cúis

Go gcuirfear gach múinteoir nua ar an eolas faoi chleachtais an Choláiste.

Aidhmeanna

- Go gcinnteofar comhoibriú agus ionchur sa Choláiste ón uair a gceaptar iad.
- Eascú a dhéanamh ar a gcuid oibre sa Choláiste
- Fáilte a chur roimh múinteoirí nua.
- Rannpháirtíocht i saol an Choláiste a chinntiú.

Ábhar

- Cuirfear múinteoirí in aithne dá chéile.
- Déanfar litir fháilte, cóip den chód iompair, eolas faoi chórais na scoile, éiteas Gaeilge a mhíniú agus eolas faoi imeachtaí an Choláiste a sholáthar.
- Múinteoir nua a chur ar liosta na múinteoirí.
- Míneofar modh oibre an Choláiste.

- Tabharfar eolas faoi theagmháil le tuistí.
- Tabharfar eolas cuí.
- Cuirfear múinteoir ar an eolas faoi ócáidí sóisialta foirne.

Cur i bhfeidhm agus monatóireacht

Beidh an polasaí seo curtha i bhfeidhm ag Príomhoide an Choláiste.


Déanfar athbhreithniú ar an bPolasaí ag tús an scoilbhliain 2022-23 nó níos túsce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste Naomh Feichín ar an _____

Sínithe ag an gCathaoirleach:

Tomas Ó Poisleal Bha

4/11/2019



Coláiste Naomh Feichín
Corr na Móna
Co. na Gaillimhe

Fón: 094 9548006 Facs: 094 9548048
Email: eolas.feichin@gretb.ie



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

27ú de Lúnasa, 2019

A chara,

Beatha agus Sláinte. Thar cheann pobal scoil s'againne, ba mhaith liom fáilte a chur romhat go dtí scoil Choláiste Naomh Feichín. Guím chuile rath ort i do ghairm beatha anseo agus táim cinnte go mbeidh tú ar do shuaimhneas agus tú mar bhall de fhoireann na scoile.

Iniata le seo tá cóip den Chód Iompar na Scoile agus an Ráiteas Sábháilteachta. Ar do chéad lá ar scoil, bronnfar lámhleabhair an mhúinteora ort, leabhrán eolais agus dialann múinteoirí scoil s'againne. Má tá aon cheist agat ar rud ar bith, tar chugam agus pléifidh mé leat é.

Le meas ort,

Gearóidín Ní Chonghaile